# Tumoideachas

# Straitéisí Tumoideachais

| | | |
|---|---|---|
| **Ionchur Teanga:** Ard-Inniúlacht teanga ón múinteoir, acmhainní Gaeilge in úsáid: téacsleabhair/físeáin Ghaeilge, acmhainní ón Tairseach. | **Ionchais arda ó thaobh na teanga de:** Polasaí ag an scoil gan glacadh le Gaeilge nó Béarla nach bhfuil cruinn, a bheith i gcónaí ag díriú ar fhoirm na teanga. | **Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT):** Teagasc an ábhair (m.sh Stair, Tíreolaíocht Eolaíocht) agus dírithe ar theagasc na teanga an t-am ar fad. <br><br> Féach na samplaí pleanála. |
| **Aischothú Ceartaitheach/ Ceartaigh le Cineáltas:** straitéisí ranga forbartha ag múinteoirí chun na príomhbhotúin sa Ghaeilge a cheartú. | **Aschur Teanga:** tabhair deiseanna cainte rialta do na scoláirí trí réimse leathan de ghníomhaíochtaí. | **Scafláil Teanga:** Acmhainní a oiriúnú do chumas Gaeilge na scoláirí/scafláil bhriathartha agus neamhbhriathartha. |

| | |
|---|---|
| **Teanga na Foghlama (an Ábhair):** An teanga atá ag teastáil le coincheapa bunúsacha na topaice a thuiscint. <br><br> Téarmaí, stór focal, leaganacha cainte agus gramadach bhunúsach an ábhair (bheadh seo le feiceáil sa téacsleabhar, sa tsonraíocht, sna páipéir scrúdaithe srl.) Botúin agus dúshláin choitianta san áireamh. <br><br> An seánra atá i gceist (tuairisc staire v tuairisc eolaíochta). | **An Teanga don Fhoghlaim (na cumarsáide):** An teanga atá ag teastáil le feidhmiú go héifeachtach san obair ghrúpa agus obair bheirte <br><br> Cur síos a dhéanamh, ceisteanna a chur, plé, easontú, tuairim a chur in iúl, soiléiriú a lorg. |

| | | |
|---|---|---|
| **Measúnuithe:** tascanna a thástálann an teanga agus an t-ábhar le chéile (aitheantas don teanga sna marcanna). | **Cur chuige ionduchtach:** Aibhsigh míreanna gramadaí sna hacmhainní, lig do scoláirí na patrúin a oibriú amach. | **Difreálú** a dhéanamh sa seomra ranga, spriocanna difriúla d'fhoghlaimeoirí difriúla, ardspriocanna saibhrithe teanga do chainteoirí dúchais. |
| **Aschur teanga:** tabhair deiseanna scríbhneoireachta/cainte do na scoláirí go rialta. | **Sainmhínithe Gaeilge go Gaeilge:** iarr ar scoláirí téarmaí a mhíniú i nGaeilge in áit iad a aistriú go Béarla. | **Aithris agus Athrá:** "Abraigí sin i mo dhiaidh, arís le bhur dtoil, cad a dúirt mé?" |
| **Comhtháthú na teanga a phleanáil ar fud an churaclaim:** spriocanna teanga sna scéimeanna amhail teanga an ábhair (i.e. téarmaíocht) agus teanga na cumarsáide (i.e. briathra, aidiachtaí, saibhreas teanga, gramadach) Féach na samplaí pleanála. | **Úsáid na Teicneolaíochta:** ríomhfhoclóirí, seiceálaí litrithe, guthú AI. | **Timpeallacht ranga** a chruthú atá saibhir ó thaobh teanga de: íomhanna/lipéid/ taispeántais/mátaí boird. |

## OIDEOLAÍOCHTAÍ ÚSÁIDEACHA LE HAGHAIDH ASCHUIR TEANGA

| | |
|---|---|
| Obair bheirte agus obair ghrúpa | Athrá agus Aithris |
| Cluichí Drámaíochta: Rólimirtí, Ní Féidir Mé a Bhaint, Agallamh le Cúpla, An Preasagallamh, Bealach an Choinsiasa, Rapáil | Díospóireachtaí, plé ranga agus ceisteanna oscailte |
| Foghlaim Rud, Teagasc Rud | Suíochán Te/Múinteoir sa Suíochán Te |
| Smaoinigh, Gabh i mBeirt agus Gabh i bPáirt | Cuir i Láthair |

## OIDEOLAÍOCHTAÍ ÚSÁIDEACHA LE HAGHAIDH SCAFLÁIL TEANGA

| | |
|---|---|
| Grafaicí Eolais | Frámaí Scríbhneoireachta |
| Banc Briathra/Balla Focal | Taisce Téarmaíochta/An Leabhrán Téarmaí |
| Scafláil ó bhéal: mínigh téarmaí ó bhéal ar dhóigh shimplí agus intuigthe | Íomhánna in aice le téarmaí |
| Cur chuige an chomhlánaithe (líon na bearnaí) | Acmhainní a oiriúnú do chumas Gaeilge na scoláirí i.e. teanga a shimpliú agus a bhriseadh síos |

## OIDEOLAÍOCHTAÍ ÚSÁIDEACHA LE HAGHAIDH FCÁT/TEAGASC FOIRMDHÍRITHE

| | |
|---|---|
| Intinní foghlama teanga mar aon le hintinní foghlama ábhair | Measúnuithe/tascanna a thástálann an teanga agus an t-ábhar le chéile (aitheantas don teanga sna Measúnuithe) |
| Míreanna Gramadaí a aibhsiú sa téacs agus iarr ar na scoláirí na patrúin ghramadaí a aimsiú (Cur chuige ionduchtach) | Mínigh an ghramadach i gcomhthéacs an ábhair |
| An Cúinne Cruinnis: dírigh ar bhotún amháin gach seachtain, gach mí. Is féidir seo a dhéanamh sna ranganna foirme agus sna ceachtanna. | Aimsigh na Botúin/An Ceann Corr |
| Cur chuige an chomhlánaithe: bain amach téarmaí a bhaineann leis an ábhar agus teanga: briathra, cónaisc, aidiachtaí, teanga na n-aistí agus teanga an ábhair. | Ceisteanna teanga fite fuaite le ceisteanna ábhair (bileoga oibre, tráth na gceisteanna, Google Forms, OB) |
| Cluichí meaitseála | Fíor nó Bréagach/ Cruinn nó Míchruinn |
| Cláir Bhána Aonaracha: cuir focal ar an gclár bán ansin iarr ar na scoláirí seo a chur sa ghinideach/san uatha/iolra/ an t-alt a chur roimhe/níos/is a chur roimhe. Iarr orthu na freagraí a scríobh ar na cláir | Cuir Snas ar an Abairt/ Athscríobh |
| Tasc Sórtála: sórtáil de réir an ábhair ansin de réir inscne, uatha & iolra, briathra & ainmfhocail, cruinn & míchruinn | Seisiún Iomlánach: ceisteanna éalaithe |

## OIDEOLAÍOCHTAÍ ÚSÁIDEACHA DON AISCHOTHÚ CEARTAITHEACH

| | |
|---|---|
| Aischothú scríofa:<br>réalta, sprioc ábhair agus sprioc teanga | Athrá: D: Tá mé múinteoir.<br>M: Tá tú múinteoir?? (an glór ag ardú)<br>D: Is múinteoir mé.<br>M: Maith thú. |
| Ceartú Follasach: D: Ní rinne mé m'obair bhaile.<br>M: Ní dhearna tú d'obair bhaile. | Léideanna: D: Rinne mé dearmad ar mo ruler.<br>M: Rinne tú dearmad ar do s... sl .. sla...<br>D: slat tomhais. Rinne mé dearmad ar mo shlat tomhais.<br>M: Maith thú. |
| Soiléiriú: M: Gabh mo leithscéal?/Cad a dúirt tú? | Athmhúnlú Teagascach: D: D'fhág Sorcha a mhála anseo.<br>M: Is cailín í Sorcha. Nach gciallaíonn sé sin gur fhág sí a mála anseo?<br>D: Tá an ceart agat – D'fhág Sorcha a mála anseo. |

- Tuilleadh Eolais Anseo: https://curriculumonline.ie/getmedia/b5f93d3c-4db7-474b-9dc1-63952d987716/Aiseolas-Ceartaitheach-i-gComhtheacs-an-Tumoideachais.pdf

# Acmhainní agus Suíomhanna Gréasáin Úsáideacha don Mhúinteoir Tumoideachais

| | |
|---|---|
| **Ionchur Teanga** | • https://foghlaim.tg4.ie/<br>• https://tairseachcogg.ie/<br>• https://ccea.org.uk/<br>• https://aisaonad.org/<br>• https://gaeloideachas.ie/muinteoir-iar-bhunscoile-2/?lang=ga<br>• https://www.abair.ie/ga<br>• https://www.leighanois.com/nuacht<br>• https://snas.ie/<br>• https://oide.ie/<br>• https://padlet.com/maire8<br>• https://www.curriculumonline.ie/<br>• https://www.examinations.ie/<br>• https://ncca.ie/en/ |
| **Téarmaíocht/Teanga don Bhainistíocht Ranga/Teanga na Scrúduithe/Briathra gnímh** | • https://tairseachcogg.ie/Home/ResourceDetails?_HYtIfl25x=2Aivur9dkPplJx9PDe-QaxlvupeJczgO4APCgYA9lX3HVVb9leiNznansojzdha7B# |
| **Scafláil scríbhneoireachta** | • https://ccea.org.uk/learning-resources/turas-na-scribhneoireachta (Eochairchéim 2)<br>• https://ccea.org.uk/snas-ar-sceal/downloads/Snas_na_Sceal_EC2_card_v2.pdf https://ccea.org.uk/learning-resources/teanga-na-naisti<br>• https://ccea.org.uk/learning-resources/frasai-fonta-fhiosru |
| **Gramadach agus Litriú** | • https://www.teanglann.ie/en/<br>• https://www.tearma.ie/<br>• https://www.focloir.ie/ga<br>• https://www.foclach.com/<br>• https://www.teg.ie/<br>• https://www.tairseachcogg.ie/Home/ResourceDetails?_HYtIfl25x=xalbjvuNtTwX-5CirKieZtVvupeJczgO4APCgYA9lX3HVVb9leiNznansojzdha7B&XdfuUilwqFJdhFH-gfJg_JhhghayWeRp=lwqFJdh<br>• https://www.oireachtas.ie/en/publications/?q=An%20Caighde%C3%A1n%20Oifi-gi%C3%BAil<br>• https://www.cogg.ie/cursagaeilge-cogg-ghaelchultur/ https://www.youtube.com/watch?v=SElyJ1cVOy8&list=PL7wLVDMegS1RwEu_jnVOPwtllUVSLdKpH https://www.tairseachcogg.ie/Home/ResourceDetails?_HYtIfl25x=xgJpgGdAkt8YHRhp-SatKSlvupeJczgO4APCgYA9lX3HVVb9leiNznansojzdha7B<br>• https://drive.google.com/file/d/1R2SlVQm87uiOURnCc2_Cb4GRFUUtDy2x/view<br>• https://drive.google.com/file/d/1BOn-_B5StNClgH7zfMLMrPrIHtllYUjO/view<br>• https://ccea.org.uk/learning-resources/fuaimeanna-fonaici<br>• http://www.potafocal.com/<br>• https://clilstore.eu/ |
| **Botúin Choitianta** | • https://www.tairseachcogg.ie/Home/ResourceDetails?_HYtIfl25x=xgJpgG-dAkt8YHRhpSatKSlvupeJczgO4APCgYA9lX3HVVb9leiNznansojzdha7B |
| **Aischothú Ceartaitheach** | • https://www.curriculumonline.ie/getmedia/b5f93d3c-4db7-474b-9dc1-63952d987716/Aiseolas-Ceartaitheach-i-gComhtheacs-an-Tumoideachais.pdf |

# Acmhainní agus Suíomhanna Gréasáin Úsáideacha don Mhúinteoir Tumoideachais

| | |
|---|---|
| **Aschur Teanga** | • https://www.loom.com/<br>• https://www.mote.com/?page=home<br>• https://classroomscreen.com/<br>• Cúinne na gCluichí |
| **Léitheoireacht** | • https://www.tairseachcogg.ie/Home/ResourceDetails?_HYtIfl25x=lc37v6frltKR-BX4BxW78VFvupeJczgO4APCgYA9lX3HVVb9leiNznansojzdha7B&XdfuUil-wqFJdhFHgfJg_JhhghayWeRp= (Club Leabhar)<br>• https://www.leighanois.com/nuacht<br>• https://ccea.org.uk/learning-resources/taisce-tuisceana (Sraith 2)<br>• https://ccea.org.uk/learning-resources/litearthacht-deochaircheim-3<br>• https://ccea.org.uk/learning-resources/sceal-agam-duit<br>• https://ccea.org.uk/learning-resources/leabhair-sheanchais<br>• https://ccea.org.uk/learning-resources/ais-litearthachta-do-dhaltai-agus-do-mhuinteoiri<br>• https://ccea.org.uk/learning-resources/mise-david<br>• https://ccea.org.uk/learning-resources/anne-frank-dialann-cailin-oig<br>• https://ccea.org.uk/learning-resources/colm-cille-beatha-agus-oidhreacht<br>• https://ccea.org.uk/learning-resources/gasur-chaith-pitseamai-striocacha<br>• https://www.aiseolas.com/all.php<br>• https://online.fliphtml5.com/lfbld/bnnd/#p=52 |
| **Seanfhocail** | • https://sites.google.com/c2ken.net/cronagaelscolaochtairishmedium/m%C3%BAinte-oir%C3%AD-teachers/forbairt-ghairmi%C3%BAil-tpl/s%C3%Alite-i-saibhreas-na-seanfhocal |
| **Mata** | An Tairseach<br>• https://www.dbgmata.ie/<br>• https://bailenamata.com/<br>• https://www.rewardinglearning.org.uk/focloirmata/<br>• https://ccea.org.uk/learning-resources/fadhbreiteach-sa-mhatamaitic https://ccea.org.uk/learning-resources/eochaircheim-3-matamaitic-postaeir-theagaisc https://ccea.org.uk/learning-resources/taca-le-mata |
| **Eolaíocht** | An Tairseach<br>• https://sites.google.com/view/eolaiocht https://www.tairseachcogg.ie/Home/Resource-Details?_HYtIfl25x=3CL4%2fARXcMDQPY5wyCFF4VvupeJczgO4APCgYA9lX-3HVVb9leiNznansojzdha7B&XdfuUilwqFJdhFHgfJg_JhhghayWeRp=<br>• https://ccea.org.uk/learning-resources/forbairt-scileanna-tri-cheimic<br>• https://ccea.org.uk/learning-resources/scealta-faoin-eolaiocht-rso |

## Briathra Gnímh

| Briathar | Míniú |
|---|---|
| Aimsigh | Ríomh, tomhais, faigh amach, agus araile. |
| Aithin | sainaithin na rudaí seo: (i) fíricí, (ii) saintréithe nó (iii) coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint. |
| Anailísigh<br>Déan anailís ar... | (i) déan staidéar nó scrúdú ar rud go mion, (ii) déan miondealú ar rud, chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; (iii) sainaithin codanna agus coibhneasa, agus (iv) léirmhínigh fianaise chun teacht ar chonclúidí. |
| Argóin<br>Déan argóint faoi...<br>Déan cás ar son...<br>Áitigh | ceistigh smaoineamh agus déan díospóireacht ina leith chun meon nó seasamh duine a athrú. |
| Athbhreithnigh<br>Déan athbhreithniú ar... | (i) déan athscrúdú go cúramach nó go criticiúil, chun tacú le tuairim nó chun easaontú leis; (ii) déan anailís ar thorthaí chun tuairim a thabhairt. |
| Bain tátal as...<br>Bain tuiscint as...<br>Bain as... | déan triail agus tástáil chun rud éigin nua a fháil amach nó chun rud éigin a chruthú. |
| Beachtaigh | cuir feabhas ar rud (scéal, aiste, scannán, ceol) trí idirdhealuithe miona a chur isteach. |
| Ceap | cuir na coincheapa nó na hargóintí cuí in iúl go beacht (go cruinn) agus go córasach (in ord a bhfuil ciall leis). |
| Cleacht | déan dráma, píosa ceoil nó saothar eile go rialta chun é a dhéanamh réidh le cur os comhair an phobail. |
| Cosain | tabhair cúiseanna nó fianaise chun tacú le freagra nó le conclúid. |
| Cruthaigh | déan rud éigin as an nua. |
| Cuir i bhfeidhm | roghnaigh agus bain úsáid as (i) faisnéis agus/nó (ii) eolas agus (iii) tuiscint chun cás tugtha a mhíniú nó chun fíorchúinsí a mhíniú. |
| Cuir i láthair | taispeáin (nó tairg nó tabhair) rud ar bhealach foirmiúil; taispeáin rud roimh fhóram poiblí. |
| Cuir i ngrúpa | sainaithin rudaí nó réada de réir saintréithe. |
| Cuir síos ar...<br>Déan cur síos ar... | (i) forbair pictiúr nó íomhá, le mionsonraí, ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; (ii) táirg plean, ionsamhlú nó samhail. |
| Cum | scríobh nó cruthaigh saothar ealaíne, go háirithe píosa ceoil nó píosa filíochta. |
| Déan | tabhair faoi ghníomhaíocht. |
| Déan ceangal idir... | déan nasc; tabhair rudaí le chéile chun nasc a dhéanamh eatarthu. |
| Déan comparáid idir... | tabhair cuntas ar na cosúlachtaí agus/nó ar na difríochtaí idir 2 (nó níos mó) rud nó cás. Is gá tagairt do gach ceann síos tríd. |
| Déan critíc (léirmheas) ar... | luaigh gnéithe dearfacha agus diúltacha de rud – smaoineamh, déantúsán nó próiseas ealaíonta mar shampla, agus tabhair cúiseanna. |

| Briathar | Míniú |
|---|---|
| Déan taighde ar… | déan iniúchadh casta agus criticiúil, chun sainfhiosrú a dhéanamh. |
| Dear | ceap rud éigin, cruthaigh é agus cuir i ngníomh é, bunaithe ar phlean. |
| Deimhnigh | tabhair fianaise chun tacú le fírinne ráitis. |
| Eagraigh | socraigh rud; cuir rud i gcóras nó rianaigh é. |
| Fiosraigh | breathnaigh ar eolas nó déan staidéar air, chun fíricí a chinntiú. |
| Forbair | éabhlóidigh: déan rud soiléir nó leathnaigh amach é, ó thaobh sonraí de. |
| Iniúch<br>Déan iniúchadh ar… | déan breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí úra. |
| Léirigh (cuir in iúl) | léirigh rud nó luaigh é; tarraing aird ar rud. |
| Léirigh (léirigh le samplaí) | úsáid samplaí chun cur síos ar rud éigin. |
| Léirmhínigh<br>Tabhair léirmhíniú ar… | úsáid eolas agus tuiscint chun treochtaí a aithint agus chun teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar. |
| Léirthuiscint a bheith ag… do… | aithin brí, bíodh tuiscint phraiticiúil agat do rud. |
| Liostaigh | tabhair roinnt pointí, gan aon mhíniú breise. |
| Machnaigh<br>Déan machnamh ar… | meas rud chun ceartúchán nó feabhsúchán a dhéanamh. |
| Meas (cuimhnigh ar…) | (i) déan cur síos ar phatrúin i sonraí; (ii) úsáid eolas agus tuiscint chun patrúin a léirmhíniú; (iii) déan tuartha agus seiceáil iontaofacht. |
| Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil)<br>Déan measúnú ar… | (i) bailigh agus scrúdaigh fianaise chun breithiúnas agus breithmheas a dhéanamh; (ii) déan cur síos ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; (iii) sainaithin srianta fianaise i gconclúidí; (iv) déan breithiúnais ar smaointe, ar réitigh nó ar mhodhanna. |
| Measúnaigh (faisnéis)<br>Déan measúnú ar… | (i) bailigh agus scrúdaigh fianaise chun breithiúnas agus breithmheas a dhéanamh; (ii) déan cur síos ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; (iii) sainaithin srianta faisnéise i gconclúidí; (iv) déan breithiúnais ar smaointe, ar réitigh nó ar mhodhanna. |
| Mínigh | tabhair mionchuntas agus fáthanna. |
| Mol | tairg rud nó mol é lena bhreathnú, lena ghlacadh nó le haghaidh gnímh. |
| Oiriúnaigh<br>Cuir in oiriúint | déan rud éigin oiriúnach do chúinse, d'úsáid nó do chuspóir nua. |
| Pléigh<br>Déan plé ar… | tabhair athbhreithniú cothrom, ina bhfuil réimse argóintí, tosca nó hipitéisí: cuir tuairimí nó conclúidí i láthair go soiléir agus tacaigh leo le fianaise chuí. |
| Rangaigh<br>Déan rangú ar… | cuir rudaí i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta. |
| Sainaithin | (i) aithin patrúin, fíricí nó sonraí; (ii) tabhair freagra ó roinnt féidearthachtaí (iii) aithin fíric (fíoras) nó gné shainiúil agus luaigh go hachomair í. |

| **Briathar** | **Míniú** |
|---|---|
| Sainmhínigh<br>Tabhair sainmhíniú ar… | tabhair míniú beacht ar fhocal, ar fhrása, nó ar choincheap. |
| Scrúdaigh<br>Déan scrúdú ar… | meas argóint, coincheap nó mír, ar bhealach a nochtann tuairimí, idirghaol nó struchtúr na hargóna (nó an choincheapa nó na míre). |
| Sintéisigh<br>Tarraing le chéile | tabhair smaointe difriúla le chéile chun tuiscint nua a chruthú. |
| Tabhair breac-chuntas ar… | tabhair na príomhphointí – na nithe ríthábhachtacha amháin. |
| Tabhair breithmheas ar… | déan measúnú, breith nó meas ar shaothar. |
| Tabhair fianaise faoi… | tabhair sonraí, obair agus cáipéisíocht, a thacaíonn le tátal nó le conclúid. |
| Tabhair le fios | mol réiteach, hipitéis nó freagra féideartha. |
| Taispeáin | (i) cruthaigh rud nó déan soiléir é, trí réasúnaíocht nó le fianaise; (ii) léirigh rud le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil. |
| Tobchumadh/Déan tobchumadóireacht / Cum lom láithreach | cruthaigh ceol agus seinn é gan réamhsmaoineamh nó gan ullmhú roimh ré; léirigh rud, nó déan rud, le/as cibé rud atá ar fáil. |
| Trácht<br>Déan trácht ar… | tabhair tuairim bunaithe ar ráiteas a tugadh nó ar thoradh ríofa. |
| Tras-scríobh | (i) cuir smaointe, urlabhra nó sonraí i bhfoirm scríofa nó clóscríofa;<br>(ii) scríobh an méid a chloistear i bhfoirm litreacha nó abairtí. |
| Úsáid<br>Bain úsáid as… | cuir eolas, scileanna nó rialacha i bhfeidhm. |
| | |
| **Briathar** | **Míniú** |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

# Teanga an Oideachais

| TÉARMA | MÍNIÚ / SAMPLAÍ |
|---|---|
| | **Teagasc agus Foghlaim** |
| Gnóthachtáil (ainmfhocal)<br>Gnóthachtála (An tuiseal ginideach)<br>Gnóthaigh (briathar)<br>Gnóthú (ainm briathartha) | • An sprioc foghlama atá ag scoláirí nó an méid a bhainfidh siad amach.<br>• Tá caighdeán ard gnóthachtála sa scoil seo.<br>• Tá gnóthachtáil na scoláirí an-tábhachtach sa chóras oideachais. |
| Tearcghnóthachtáil (ainmfhocal)<br>Tearcghnóthaigh (briathar)<br>Ag tearcghnóthú (ainm briathartha) | • Nuair nach bhfuil ag éirí le scoláirí an sprioc foghlama atá acu a bhaint amach.<br>• Téimid i ngleic leis an tearcghnóthachtáil go córasach sa scoil seo.<br>• Tá an scoláire sin ag tearcghnóthú san Eolaíocht (tá sé ag feidhmiú faoina chumas). |
| Luacháil (ainmfhocal)<br>Luachála (An tuiseal ginideach) | • Nuair a dhéantar meastóireacht ar chomh rathúil is atá plean/cur chuige/sprioc.<br>• Cuirfear an plean teanga i bhfeidhm an téarma seo agus déanfar luacháil ar rath an phlean i ndeireadh an téarma (cad iad na gnéithe a bhí go maith agus cad iad na gnéithe atá le forbairt?). |
| Féinluacháil (ainmfhocal)<br>Féinluachála (An tuiseal ginideach) | • Nuair a dhéanaimid meastóireacht phearsanta orainn féin agus ar ghné éigin dár gcleachtas féin.<br>• Ní mór féinluacháil a dhéanamh go leanúnach ar ár gcleachtas féin le go mbeidh muid in ann dul chun cinn a dhéanamh i gcónaí.<br>• Tuigeann na cleachtóirí is fearr tábhacht na féinluachála mar chuid den teagasc machnamhach. |
| Machnamh / Machnamhach | • Nuair a dhéanaimid machnamh ar ghné éigin dár gcleachtas féin.<br>• Is gairm mhachnamhach é an teagasc agus moltar do mhúinteoirí machnamh leanúnach a dhéanamh ar a gcur chuige agus ar dhóigheanna le forbairt a dhéanamh. |
| Rianú dalta | • Is ionann rianú dalta agus an mhonatóireacht a dhéanann scoileanna ar dhaltaí thar thréimhse ama (téarma / scoilbhliain / sraith shóisearach nó shinsearach). |
| Cleachtas (ainmfhocal)<br>Dea-chleachtas (ainmfhocal)<br>Droch-chleachtas (ainmfhocal)<br>Roinnt dea-chleachtais (an tuiseal ginideach) | • Is ionann cleachtas agus an cur chuige a bhíonn ag múinteoirí agus iad i mbun teagaisc. |

| TÉARMA | MÍNIÚ / SAMPLAÍ |
|---|---|
| **Teagasc agus Foghlaim** | |
| Forbairt ghairme - ghairmiúil | • An fhoghlaim agus an fhorbairt a dhéanann múinteoirí agus iad tosaithe ar an múinteoireacht ( i ndiaidh PME / PGCE). |
| Comhsheasmhacht na n-éispéireas foghlama | • Leanúnachas san fhoghlaim. Tá sé tábhachtach go mbeidh comhsheasmhacht idir ranganna, idir ranna, idir sraitheanna agus idir scoileanna fiú. |
| Sonraíocht / Siollabas | • Cur síos cruinn mionsonraithe ar an gcúrsa. Beidh na cuspóirí foghlama, an t-ábhar agus na modhanna measúnaithe leagtha amach. |
| Scéim | • Plean fadtéarmach a leagann síos an t-ábhar, na gníomhaíochtaí agus na modhanna measúnaithe d'ábhar ar leith. |
| Rannpháirtíocht | • Nuair a bhíonn na scoláirí lárnach sa cheacht, ag glacadh páirt sa cheacht agus ag foghlaim. |
| Creat | • Plean níos ginearálta a léiríonn na bunphrionsabail agus na caighdeáin don chlár oideachais. |
| Próiseas ionduchtaithe | • An tréimhse luath sin i ndiaidh do mhúinteoirí tosú ar an múinteoireacht ( i ndiaidh PME / PGCE). |
| Táscairí | • Staitisticí a bhaineann le gnéithe tábhachtacha den chóras oideachais. Baintear úsáid astu le luacháil agus monatóireacht a dhéanamh ar scoileanna, ar mhúinteoirí agus ar scoláirí. |
| Bonnlíne | • An túsphointe i dtuiscint, i gcumas nó i scileanna an scoláire. |
| TAFF | • Táimid ag foghlaim faoi... |
| Intinní foghlama | • An t-eolas / na scileanna atáthar ag súil a bheith ag na scoláirí faoi dheireadh ceachta / aonaid. |
| Critéir rátha | • Baintear úsáid as critéir ratha le measúnú a dhéanamh ar chomh maith agus a d'éirigh le scoláirí na hintinní foghlama a chomhlíonadh. |
| Seisiún iomlánach | • Deireadh ceachta nuair a bhíonn deis ag na scoláirí dul siar ar an bhfoghlaim a rinneadh. Déanann an múinteoir measúnú ar fhoghlaim na scoláirí agus pléitear na hintinní foghlama agus an critéir ratha. |

| TÉARMA | MÍNIÚ / SAMPLAÍ |
|---|---|
| **Teagasc agus Foghlaim** | |
| Scrúdú / Scrúduithe / Scrúdaithe | • Beidh scrúduithe (ainmneach iolra) ag na scoláirí i ndeireadh an téarma.<br>• Titfidh siad amach i seomra na scrúduithe (ginideach iolra).<br>• Beidh tábhacht ar leith leis an scrúdú Gaeilge. Beidh marcanna an scrúdaithe (ginideach uatha) sin ar fáil go luath. |
| Measúnú / Measúnuithe / Measúnaithe | • Déantar measúnú ar na scoláirí le heolas a thabhairt ar a ndul chun cinn.<br>• Déantar measúnuithe stáit i ndeireadh na scoilbhliana.<br>• Ní mór do mhúinteoirí smaoineamh faoi ábhar an mheasúnaithe le cinntiú go bhfuil siad ag meas na scileanna cearta. |
| **Teanga** | |
| Sprioctheanga | • An teanga atá in úsáid sa seomra ranga. An teanga atá in úsáid chun an t-ábhar a theagasc. |
| Ionchur | • An teanga a theagascann an múinteoir do na scoláirí. |
| Aschur | • An teanga a úsáideann na scoláirí. |
| Comhtháthú<br>Comhtháthú ábhar agus teanga (FCÁT) | • An dóigh a dteagasctar scileanna teanga trí na hábhair éagsúla sa churaclam. |
| Teagasc foirmdhírithe | • Nuair a dhíríonn múinteoirí aird na scoláirí ar ghné éigin d'fhoirm na teanga |
| Sealbhú teanga | • An próiseas ina bhfoghlaimíonn na scoláirí an teanga atá de dhíth orthu agus iad in ann an teanga sin a úsáid iad féin sa chaint agus sa scríbhneoireacht. |
| Aischothú<br>An t-aischothú | • Barúil na múinteoirí ar obair na scoláirí.<br>• Is gné lárnach den fhoghlaim é aischothú mar go léiríonn sé na buanna / na laigí / na gnéithe forbartha den obair. |
| Aiseolas ceartaitheach | • Aischothú a thugtar do scoláirí a dhíríonn aird na scoláirí ar bhotún gramadaí agus a spreagann iad leis an leagan cruinn a úsáid. |
| Athmhúnlú | • Nuair a ghlacann an scoláire aiseolas ceartaitheach ón múinteoir (aird dírithe ar bhotún) agus baineann sé úsáid as leagan cruinn. |

| TÉARMA | MÍNIÚ / SAMPLAÍ |
|---|---|
| **Teanga** | |
| Teanga an ábhair | • An téarmaíocht a bhaineann leis an saineábhar. Téarmaíocht a bhaineann leis an stair / leis an mbitheolaíocht / leis an mata. |
| Teanga na cumarsáide | • An teanga atá de dhíth ar na scoláirí i ngach aon ábhar. |
| Oideolaíocht<br>Oideolaíocht an tumoideachais | • An cur chuige, an teoiric agus an cleachtas a bhaineann le teagasc agus foghlaim. |
| **Riachtanais Speisialta Oideachais** | |
| Ionchuimsitheach | • Nuair a bhíonn scoileanna / múinteoirí ag freastal ar gach scoláire beag beann ar dhifríochtaí i dtaca le cumas / riachtanas / stíl foghlama srl.<br>• Ní mór do gach seomra ranga a bheith ionchuimsitheach. |
| Difreáil | • An tuiscint go bhfuil cumais dhifriúla, cúlraí éagsúla agus stíleanna éagsúla foghlama i ngach seomra ranga agus go gcaithfear cur chuige dhifriúla a úsáid le freastal ar na difríochtaí sin. |
| Uathachas (an tuiseal ainmneach)<br>Uathachais (an tuiseal ginideach) | • Bíonn oiriúnú le déanamh do scoláirí a bhfuil uathachas orthu. |
| Ionchas / Ionchais | • Na súilíochtaí atá agat do na scoláirí.<br>• Nuair a bhíonn ionchais arda i seomra ranga, cruthaítear timpeallacht inar féidir le scoláirí barr a gcumais a bhaint amach |
| Oiriúnú | • Na hathruithe a dhéanann scoileanna / múinteoirí le tacú le scoláirí a bhfuil riachtanais acu. |
| Dearadh uilíoch | • Cur chuige ionchuimsitheach de theagasc na Gaeilge a thugann deis do gach uile scoláire an Ghaeilge a fhoghlaim sa seomra ranga (beag beann ar chumas / ar chúlra / ar stíl foghlama srl.) |
| Scafláil (ainmfhocal)<br>Scaflála (an tuiseal ginideach) | • An dóigh a dtacaíonn múinteoirí le scoláirí agus iad ag foghlaim. Baintear cuid den tacaíocht de réir mar a éiríonn na scoláirí níos muiníní leis an gcoincheap/tasc. |

# EARRÁIDÍ NA SCOLÁIRÍ

Breac síos na hearráidí a chloiseann tú go rialta i measc na scoláirí. Déan iarracht aghaidh a thabhairt ar na botúin seo i do chuid ranganna trí aischothú ceartaiteach (Ceartaigh le Cineáltas).

## SAMPLAÍ DO BHOTÚIN CHOITIANTA

- Tá sé suas duit féin.
  *Fút féin atá sé.*
- An dtig liom peann?
  *An dtig liom peann a fháil?*
- Tá mé ag déanamh é.
  *Tá mé á dhéanamh.*
- Ní rinne mé rud ar bith.
  *Ní dhearna mé rud ar bith.*
- Ní raibh sé mise!
  *Ní mise a bhí ann!*

# EARRÁIDÍ NA SCOLÁIRÍ

Breac síos na hearráidí a chloiseann tú go rialta i measc na scoláirí. Déan iarracht aghaidh a thabhairt ar na botúin seo i do chuid ranganna trí aischothú ceartaiteach (Ceartaigh le Cineáltas).